



Arna mhaoiniú faoin gClár
Erasmus+ de chuid
an Aontais Eorpaigh

Ní hionann tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh do tháirgeadh an fhoilseacháin seo agus formhuiniú ar ábhair an fhoilseacháin, a léiríonn tuairimí na n-údar amháin, agus ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.



CLIL Open Online Learning



TIONSCADAL COOL

<http://www.languages.dk>

2018-1-ES01-KA203-050474



Tionscadal COOL

Tag.: 2018-1-ES01-KA203-050474

www.languages.dk



www.languages.dk

Cuirimis ár dtionscadail le chéile!

Comhoibrigh le COOL anois!

Má tá tú páirteach i dtionscadal teanga (nó má tá tionscadal críochnaithe agat cheana féin) téigh i gcomhpháirt linn agus lonnaigh torthaí do shaothair taobh le tionscadail eile a bhaineann le teagasc teangacha.

Tá COOL (CLIL Open Online Learning), tionscadal atá cómhaoinithe ag an Choimisiún Eorpach, tar éis uirlis ar líne a fhorbairt a thacóidh le FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga), ach ba mhian linn comhoibriú le tionscadail teanga eile chomh maith.

Lig dúinn nasc chuig torthaí do thionscadail a chur ar shuíomh idirlín COOL. Beidh rochtain agat fosta ón suíomh idirlíon ar uirlisí teagaisc teanga, físeáin, ábhair teagaisc, agus treoirleabhair mhodheolaíochta ar féidir leat leas a bhaint astu nó a úsáid i do thionscadal féin.

Tar ar bord, bí páirteach in COOL!!

D'fhorbair COOL (CLIL Open Online Learning) seirbhís W3 a ligfidh do mhúinteoir téacs a ghreamú inár gcomhéadán gréasáin, teanga an téacs a roghnú, grafaicí agus físeán a chur leis, cleachtaí nó tascanna a cheangail leis agus ansin leathanach gréasáin a chruthú ar an toirt, ina bhfuil gach focal sa téacs nasctha le foclóirí ar líne i mbreis agus 100 teanga.

I measc thorthaí an tionscadail tá bogearraí, ábhair thraenála agus eiseamláir den dea-chleachtas, mar a leanas:

(1) Dhírigh COOL ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil d'ábhar múinteoirí agus múinteoirí cáilithe san oideachas dara leibhéal agus tríú leibhéal. D'fhorbair an tionscadal creat traenála i réimse na foghlama comhtháite ábhar agus teanga (FCÁT) agus craobhscaoilfidh sé seo díreach chuig grúpaí múinteoirí i ngréasáin cleachtóirí i ngach ceann de na tíortha ina bhfuil comhpháirtithe an tionscadail lonnaithe.

(2) Féadfaidh COOL cuidiú le hábhar múinteoirí agus múinteoirí cáilithe atá ag obair san oideachas dara leibhéal agus tríú leibhéal féachaint chuige go n-éireoidh níos fearr leis na daltaí nó na mic léinn atá faoina gcúram. Cuideoidh an traenáil leo ábhair ilmheáin a chruthú a fhreastalóidh go díreach ar riachtanais á bhfoghlaimeoirí.

(3) Tá na blianta taithí ag comhpháirtithe an tionscadail seo ag comhoibriú le daoine agus institiúidí oideachais i dtíortha eile Eorpacha. Le linn an tionscadail, d'fhoghlaim na comhpháirtithe éagsúla faoi na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag oideachasóirí i gcomhthéacsanna éagsúla san Eoraip agus roinneann sé dea-chleachtas chun cuidiú leo deacrachtaí a bhaineann le modheolaíocht agus acmhainní a shárú. Lig an saineolas a forbraíodh sa tionscadal seo do na comhpháirtithe a gcláir oideachais a phleanáil agus aird acu ar réimse níos leithne de chúinsí áitiúla agus Eorpacha, rud a chuireann le lánpháirtiú an Aontais Eorpaigh.

(4) Tá traenáilithe cáilithe ag an tionscadal ar ambasadóirí do FCÁT agus d'acmhainní TFC iad. Cuireann an tionscadal deasc chabhrach ar fáil chun tacú le múinteoirí atá díreach tar éis traenáil a fháil sa tslí le hardán Clilstore a úsáid. Tá mol ar líne le haghaidh úsáideoirí againn a éascaíonn malartú dea-chleachtais agus acmhainní ar fud an ghréasáin leathain cleachtóirí a bhunaigh an tionscadal. Féachaidh seo chuige go leanfaidh COOL air ag imirt tionchair ar chleachtóirí go ceann i bhfad eile.

Tabhair cuairt ar languages.dk, áit a bhfaighidh tú acmhainní ar fad an tionscadail saor in aisce, lena n-áirítear Clilstore - an uirlis cheapadóireachta agus stóras d'acmhainní FCÁT, Treoirleabhair Clilstore do Chleachtóirí agus cúrsaí MOOC (ollchúrsaí oscailte ar-líne).